COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2014

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN**
**45 Cearnóg Mhuirfean**
**Baile Átha Cliath 2**
**www.irishmanuscripts.ie**

# CLÁR ÁBHAR

**TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH** **2**
Réamhrá 3
Bord, coistí agus fochoistí 4
*Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán* 5
*Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana* 6
Foireann 6
Seirbhísí 6
*Seirbhís Náisiúnta Comhbhailitheora - Europeana* 7
*'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ* 7
*Bunachair shonraí inchuardaithe eile ar fáil ó CLÉ* 8
Foilseacháin 8
*Analecta Hibernica, uimh. 45* 8
*Proclamations of Ireland, 1660–1820* (5 imleabhar) 9
*1641 Depositions, imleabhair 1, 2 agus 3* 9
*Campaign journals of the Elizabethan Irish wars* 10
Pleanáil do 2015 10
Seoltaí 10
Airgeadas 11

**EOLAS FAOIN gCOMHLACHT** **12**

**TUARASCÁIL na STIÚRTHÓIRÍ** **14**
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí 15
Príomhghníomhaíochtaí 15
Athbhreithniú Gnó 15
Forbairt sa Todhchaí 15
Torthaí 15
Taighde agus Forbairt 15
Staid Cúrsaí 16
Na Stiúrthóirí agus a gCuid Leasanna 16
Ranníocaíochtaí Polaitiúla 16
Freagrachtaí na Stiúrthóirí 16
Na Leabhair Chuntais 16
Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí 17
Iniúchóirí 17

**TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH na nINIÚCHÓIRÍ** **18**
Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach 19
Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais 19
Tuairim ar na ráitis airgeadais 19
Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 20
Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí heisceacht 20

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS** **22**

**CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL** **23**

**RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** **24**


**NÓTAÍ LEIS na RÁITIS AIRGEADAIS** **25**
1. Polasaithe Cuntasaíochta 25
*1.1. Bunús an ullmhúcháin* 25
*1.2. Ioncam* 25
*1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas* 25
*1.4. Stoc* 25
*1.5. Pinsin* 25
*1.6. Cánachas* 25
*1.7. Deontais rialtais* 25
2. Ioncam 25
3. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 25
4. Barrachas don bhliain 26
5. Fostaithe 26
6. Costais phinsean 26
7. Sócmhainní inláimhsithe 26
8. Stoic 27
9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin 27
10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin 27
11. Ioncam iarchurtha 27
12. Cúlchistí Comhionannais 27
13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí 28
14. Ranníocaíocht Chaipitiúil 28
15. Idirbhearta páirtí gaolmhara 28
16. Máthairghnóthas deiridh 28
17. Faomhadh na réiteach airgeadais 28

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ar ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2014** **29**
Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2014 29
Feidhmíocht fuinnimh 29

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Réamhrá

Ionchorpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bhí bunaithe i 1928 ag WT Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar 24 Eanáir 2006.




Ó bunaíodh é, ba é scaipeadh, caomhnú agus cur chun cinn na bpríomhfhoinsí - faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach – príomh-shainchúram an Choimisiúin le haghaidh oidhreachta staire agus cultúrtha na hÉireann. Ina *Phlean Forbartha Straitéiseach, 2012-2016*, athdhaingníonn an Coimisiún gur mian leis comhairle a chur ar fáil don Rialtas a chuirfidh beartas ar an eolas maidir le cúram, caomhnú agus scaipeadh, in Éirinn agus ar fud an domhain, na bpríomhábhar foinse atá riachtanach chun stair na hÉireann a thuiscint agus an stair sin a bhreacadh síos.

Le linn 2014, chuaigh an Coimisiún go hiomlán i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (R/EOG) agus é ag leanúint lena chuid oibre chun struchtúir nua rialachais a chur i bhfeidhm do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tá an Coimisiún tiomanta go daingean fós, mar fhoilsitheoir de phríomhdhoiciméid agus lámhscríbhinní agus mar chomhairleoir ar chaomhnú oidhreachta doiciméad na hÉireann, go léirítear a chroíthascanna i cibé struchtúir rialachais nua a thagann chun cinn. Is é dóchas an Choimisiúin go ndéanfar a chuid oibre agus a fhéiniúlacht a neadú agus a chosaint in aon struchtúir nua rialachais a bheidh ann. I ndáil leis seo, tugann an Coimisiún dá aire an rún a bhí luaite ag an Rialtas go gcoinneoidh an Coimisiún a fhéiniúlacht ar leith (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Public service reform 17th November 2011, Appendix II: Rationalisation of State Agencies,* lch. 7).



Mar chuid dá shainchúram ginearálta, tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ag iarraidh rochtain ar ábhair bhunaidh ar stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn. Chun tacú le cuspóirí straitéiseacha CLÉ a bhaineann le rochtain (mar atá leagtha amach ina Phlean Forbartha Straitéiseach) agus le tionscnamh Chomhchoiste an Oireachtais ar Chomhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht, bhronn an Coimisiún, i bhFeabhra 2014, ocht leabhar ar Ionad na hÉireann i mBaile Camden. D'éascaigh Jane Alger ag Leabharlann Phoiblí Shráid an Phiarsaigh an bronntanas seo, agus tacóidh sé le hobair Ionad na hÉireann chun leabharlann a chur ar bun a bheidh ina acmhainn don phobal Éireannach i Londain. Is iad seo a leanas na heagráin a soláthraíodh: *Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales* le A. E. C. W. Spencer, curtha in eagar ag Mary E. Daly; *A census of Ireland circa 1659 with essential materials from the Poll Money ordinances, 1660–1661*, curtha in eagar ag Seamus Pender le réamhrá nua ag William Smith; *The census of Elphin, 1749*, curtha in eagar ag Marie-Louise Legg; *The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921*, curtha in eagar ag Liam Kennedy agus Clare Murphy; The Convert Rolls – the calendar of the Convert Rolls, 1703–1838, 2ú eagrán, curtha in eagar ag Eileen O'Byrne le hábhar breise curtha in eagar ag Anne Chamney; *Pauper Limerick: the register of the Limerick House of Industry, 1774–1793*, curtha in eagar ag David Fleming agus John Logan; *Infanticide in the Irish Crown files at assizes, 1883–1900*, curtha in eagar ag Elaine Farrell; agus *World War I and the question of Ulster. The correspondence of Lilian and Wilfrid Spender*, curtha in eagar ag Margaret Baguley.




Le linn 2014, ar iarratas ó R/EOG, lean CLÉ le gníomhú mar chomhbhailitheoir náisiúnta d'ábhar don tairseach oidhreachta cultúrtha Europeana (www.europeana.eu) agus le freastal ar chruinnithe Líonra Europeana. Tugtar cur síos breise air seo sa chuid Seirbhísí thíos (*National aggregator service — Europeana*, lch 8.).

Tá ionadaíocht ag CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (www.iar.ie), seirbhís ar líne saor in aisce a chuireann ar chumas cartlann ar fud na hÉireann a chuir síos bhailiúchán a chomhlíonann le ISAD(G) a uaslódáil ar thairseach gréasáin. Is féidir le húsáideoirí na tairsí bailiúcháin chartlainne

Éireannacha a chuardach thar go leor stórtha éagsúla cosúil leis an tseirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe. Ag tógáil ar iarrachtaí in 2013 chun feasacht ar obair IAR a chur chun cinn trí na meáin shóisialta, seoladh an tairseach gréasáin athdheartha agus uasghrádaithe ag searmanas i gCartlann Náisiúnta na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2014. Mar chuid de na gníomhaíochtaí ath-sheolta, rinne Comisiún Lámhscríbhinní na hÉireann bileog dar teideal 'About IAR and its work' chun feasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí IAR a chur chun cinn. Is fiú tabhairt do d'aire gur comhlacht deonach é an grúpa stiúrtha atá comhdhéanta d'ionadaithe ó chartlanna agus ó sheirbhísí leabharlainne agus grúpaí páirtithe leasmhara eile. Mar gheall ar an tacaíocht airgeadais gearrthéarmacha a bhí daingnithe ó R/EOG in 2014, tá cartlannaí ar chonradh sealadach in ann dul chuig seirbhísí cartlainne agus an aidhm leis tuilleadh ábhair a chur sa tairseach. Ba fhorbairt an-dearfach é seo.







Mar gheall ar rannpháirtíocht an Choimisiúin ó 2008 san Oíche Chultúir, bhí an pobal in ann bualadh aghaidh le haghaidh le hobair, comhaltaí agus foilseacháin CLÉ. Ar 19 Meán Fómhair 2014, tugadh an deis do chuairteoirí chuig 45 Cearnóg Mhuirfean gearrchaint léirithe a chluinstin ar obair an Choimisiúin, féachaint ar thaispeántas foilseachán, agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ - James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Louis Cullen, agus Dáibhí Ó Cróinín - a bhí i láthair chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagráin CLÉ de phríomhfhoinsí agus chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de chaomhnú agus coimeád taifead. Thug mé do m'aire i mbliana go raibh méadú suntasach ar líon na ndaoine a thug doiciméid ina n-úinéireacht agus iad ag lorg tuairimí orthu siúd ó shaineolaithe. Cé go raibh an aimsir níos measa ná mar a bhí le blianta anuas, bhí méadú suntasach ar líon na gcuairteoirí ar an Oíche Chultúir. Cé gur chuir roinnt imeachtaí breise sa cheantar le líon na ndaoine a bhí ann, meastar go ndeachaigh breis is 4,500 duine trí 45 Cearnóg Mhuirfean (foirgneamh a chomhroinneann CLÉ le Cartlann Ailtireachta na hÉireann) i sruth leanúnach ó 5 pm go dtí 11 pm. Bhí sé de phléisiúr againn misean agus obair CLÉ a leagan amach do chuairteoirí a bhí an-tógtha lenár dtaispeáint. Bhí an-éileamh athuair i mbliana ar rannóg na bhfoilseachán meánaoiseach agus bhí an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) i láthair chun míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis na doiciméid Paitríocha i bhfacsamhail Leabhar Ard Mhacha agus an seaniarsma agus an tábhacht a bhaineann le Leabhar Uí Máine. I measc foilseachán eile CLÉ a raibh suim an phobail orthu ná *Pauper Limerick: the register of the Limerick House of Industry, 1774–1793* agus imleabhair 1–3 (ag plé le contaetha Uladh) de na *1641 Depositions*. Bhí an-suim freisin i rannóg an ghinealais leathnaithe agus bhí comhaltaí CLÉ Máire Mac Conghail agus Louis Cullen i láthair chun ceisteanna a bhaineann le ginealas agus príomhfhoinsí sóisialta agus eacnamaíochta ar taispeáint a fhreagairt. Bhain cuid mhór de na cuairteoirí an-sult as gearrléachtaí ar obair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann leis an Dr Michael Kennedy (Acadamh Ríoga na hÉireann) agus leis an Ollamh James Kelly (Coláiste Phádraig, agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath).

Bhí deis ann ar Oíche an Chultúir bileog chomhairle CLÉ ar chaomhnú taifead a chur chun cinn, rud atá dírithe ar na daoine aonair príobháideacha sin a bhfuil suim acu ina dtaifid teaghlaigh a chaomhnú. Bhí deis ann freisin feasacht a ardú ar Eagráin Digiteacha CLÉ — ar a ndéantar cur síos breise i rannóg na Seirbhísí thíos (*Digital Editions*, lch 9).

## Bord, coistí agus fochoistí

Tagann ballraíocht CLÉ ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Ceaptar daoine ar feadh téarma cúig bliana de ghnáth; faoina Airteagail Chomhlachais, is é 21 comhalta líon iomlán na mball-stiúrthóirí. Ag tús 2014, bhí 19 ball-stiúrthóir ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ag deireadh mhí Feabhra, ceapadh Maggie Smith, Stiúrthóir agus Leas-Choimeádaí na dTaifead,

Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) chuig an gCoimisiún. Tháinig ballraíocht *ex-officio* Fiona Ross an Choimisiúin chun deiridh ar chríochnú a téarma mar Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. I mí Aibreáin, ceapadh Catherine Fahy, Stiúrthóir Gníomhach, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chuig an gCoimisiún. I mí an Mheithimh, chuaigh Frances McGee, comhalta *ex-officio* den Choimisiún agus Stiúrthóir Gníomhach Chartlainne Náisiúnta na hÉireann, ar scor. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Fiona Ross agus le Frances McGee as a dtiomantas i ndáil le hobair an Choimisiúin le linn tréimhse a gceapachán. Ag deireadh 2014, bhí 19 gcomhalta ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Ar 31 Nollaig 2014, bhí bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta de na 19 gcomhalta seo a leanas: James McGuire (Cathaoirleach), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Catherine Fahy, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid ar Pholasaí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh agus Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach; Donal Moore, iar-Chartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Maggie Smith, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Is iad comhaltaí oinigh an Choimisiúin na daoine seo a leanas: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Reáchtáil an Coimisiún sé ghnáthchruinniú in 2014 agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar 31 Márta. Is fiú tabhairt do d'aire gur reáchtáil an Coimisiún a chéad cruinniú riamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ar 9 Meán Fómhair, 2014 nuair a bhuail sé le chéile in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste, tar éis seimineár am lóin a bhí an-rathúil chun na chéad trí imleabhar (Uladh) den tsraith 1641 Depositions a sheoladh. Ba mhaith liom mo bhuíochas ar leith a ghabháil leis an stiúrthóir, Maggie Smith, agus a foireann mar gheall ar rath an tseolta agus chruinnithe CLÉ.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní bhíonn níos lú ná beirt chomhaltaí an CLÉ ar Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta (CNN). In 2014, ba iad Máire Mac Conghail, Jane Ohlmeyer agus Deirdre McMahon comhaltaí CLÉ ar an gComhairle.

### *Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán*

Is í feidhm an buanchoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí foilseachán de réir na gcritéar a leagtar síos agus moltaí a dhéanamh mar is cuí don Choimisiún iomlán, mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail fhoilsitheoireachta reatha. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eagarthóireachta agus Fhoilseachán in 2014: James McGuire (Cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire in 2014 chun tograí a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal foilsitheoireachta reatha, agus bhí 36 acu siúd amhail an 31 Nollaig 2014.

### *Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana*

Soláthraíodh sa phlean forbartha straitéiseach do 2012–2016 le haghaidh ceapacháin de Choiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR). Áirítear ina shainchúram idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha atá ar aon intinn leis (lena n-áirítear NAI, cartlannaithe cathrach agus contae, Cumann Cartlann agus Taifead na hÉireann agus Grúpa Cartlannaithe Údaráis Áitiúil) agus, nuair is féidir, comhfheachtais a chumadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Is í Máire Mac Conghail Cathaoirleach an CCFR.

In 2014, d'eagraigh an CCFR cur i láthair le cur faoi bhráid chruinniú an Choimisiúin in Eanáir ar na bailiúcháin taifead gnó ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann; thug an cainteoir, an tUasal Brian Donnelly, léiriúchán faisnéiseach ar glacadh go maith leis. Níos déanaí sa bhliain, bhí forbairtí suntasacha i ndáil le cartlannaí breise a bheith fostaithe ag an NAI chun dul i ngleic leis an riaráiste ollmhór i liostú na mbailiúchán tábhachtach seo. Tionóladh cruinniú CCFR do 2014 in Aibreán. Le linn 2014, bhí gníomhaíocht leantach gealltanach mar gheall ar chinntí CCFR a glacadh i 2013 maidir le saincheisteanna amhail taifid scoile agus cartlanna réigiúnacha a chaomhnú, lena n-áirítear Cartlanna Chontae Liatroma. Leanfar le leas an CCFR i gcaomhnú na gclár scoile agus díreoidh sé ar bhoird bhainistíochta maidir le gníomhartha cuí a ghlacadh. Bhí inrochtaineacht agus stóráil na gclár talún ina shaincheist eile a thosaigh comhaltaí CCFR a scrúdú in 2014. In 2012-13, d'fhorbair an CCFR rannóg Ceisteanna Coitianta ar láithreán gréasáin CLÉ agus dhear bileoga faisnéise faoi CLÉ agus faoina chuid oibre agus a chaomhnú taifead, an bheirt acu a dáileadh ar Oíche an Chultúir agus ag comhdhálacha, imeachtaí agus ionaid ar son CLÉ.

Ba chóir comhaltaí an CCFR a mholadh as a gcuid oibre luachmhaire maidir le príomhfhoinsí a chaomhnú do na glúinte atá le teacht a chur chun cinn. Amhail Nollaig 2014, ba iad seo a leanas comhaltaí an CCFR: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, John McCafferty, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Cróinín agus Mary O'Dowd.

## Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, arb í an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh in Iúil 2006. Tugann Judith Francis agus Eva Kelly cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse.

## Seirbhísí




Faigheann Oifig CLÉ glaonna teileafóin agus fiosruithe r-phoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad seo a bhainistiú faoi théarmaí ár gCairte Custaiméirí. Seachadann láithreán gréasáin CLÉ roinnt seirbhísí d'úsáideoirí: díolachán ar líne d'fhoilseacháin CLÉ; cóipeanna digiteacha inchuardaithe d'oibreacha CLÉ as cló; eolas ar, agus pointe teagmhála do, ról an CLÉ mar chomhbhailitheoir náisiúnta don tairseach Europeana; aighneacht ar líne de thograí foilsitheoireachta; agus PDFanna in-íoslódáilte don chatalóg leabhar is déanaí, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéiseacha agus doiciméid bheartais. Déanann CLÉ athbhreithniú ar dhearadh a láithreáin ghréasáin ar bhonn rialta chun seachadadh na seirbhísí seo a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Mhéadaigh CLÉ a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta le linn 2014. Tháinig méadú suntasach ar lucht leanúna CLÉ ar Twitter (695) agus tháinig fás freisin ar a ghníomhaíocht ar Facebook le linn na bliana. Leanfaimid ar aghaidh le droichid chuig pobail nua úsáideoirí a thógáil trí na meáin shóisialta den sórt sin chun freagairt ar an éileamh ar bhealaí nua le feasacht ar fhoilseacháin CLÉ agus obair níos leithne an Choimisiúin i ndáil le caomhnú taifead a chur chun cinn.

Scaipeadh catalóg foilseachán 2014–2015 mar aon le bileoga promóisin faoi CLÉ

agus faoi thaifid a chaomhnú a luadh roimhe seo ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí in 2014 thar ceann an CLÉ; Gabhaim mo bhuíochas le Máire Mac Conghail, Tomás O'Connor, James Kelly agus Maggie Smith maidir leis seo. Ardaíonn an chatalóg feasacht, ní hamháin ar fhoilseacháin CLÉ atá ar fáil le ceannach, ach freisin ar fhoilseacháin atá le teacht, Eagráin Digiteacha CLÉ agus eagráin atá beartaithe do na deich mbliana cuimhneacháin.




Lean CLÉ lena fhógraíocht i ngach eagrán de *History Ireland* (a bhfuil lucht léitheoireachta de níos mó ná 22,000 aige) agus in *Books Ireland* athchóirithe (a bhfuil c. 900 síntiúsóir leabharlainne agus institiúide acadúla in Éirinn agus thar lear aige) chomh maith le trí *Family Directory* Fhondúireacht Staire Uladh agus trí thurais bhóthair ghinealais chun na Stát Aontaithe Mheiriceá. Creidimid go bhfuil na meicníochtaí seo tábhacht go leanúnach maidir le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc spriocphobal reatha agus nua in Éirinn agus thar lear.

### *Seirbhís Náisiúnta Comhbhailitheora — Europeana*

Tá an tseirbhís Náisiúnta Bailitheora CLÉ d'institiúidí cultúrtha i bhfeidhm ó thús na bliana 2010. Tháinig fás measarthach ar an ábhar a chuireann institiúidí cultúrtha na hÉireann ar fáil do Europeana in 2014 le hábhar breise ag teacht ó bhailiúchán na bpaimfléad i Leabharlann an Oireachtais, Caisleán Bhaile Átha Cliath (míreanna téacs) agus ó Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (míreanna fuaime). Tríd is tríd, cuireadh c. 2,000 mír dhigiteacha nua leis an tairseach faoi dheireadh na bliana. Bhain cuid mhaith den ghníomhaíocht i rith na bliana le hidirchaidreamh le soláthraithe ábhair i ndáil le cothabháil an ábhair atá ann cheana féin (naisc bhriste a dheisiú, sonraí leasaithe a athbhuain) agus ráitis chearta a uasdátú freisin, rud atá ag teacht le riachtanais Europeana le déanaí.

Le linn 2014, sholáthair an tUasal Niall O'Leary tacaíocht theicniúil don tseirbhís náisiúnta bhailitheora. Ag tús na bliana, rinneadh an freastalaí Repox do shonraí cultúrtha na hÉireann do Europeana a aistriú chuig óstach nua. Ba mhaith le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a bhuíochas a ghabháil le hAcadamh Ríoga na hÉireann as an bhfreastalaí a óstáil ó 2010, nuair a bhí tacaíocht theicniúil curtha ar fáil ag tionscadal Fhaireachlann na nDaonnachtaí Digiteacha.

De réir mar a ghluaiseann Europeana isteach i gcéim nua mar sholáthraí seirbhíse sonraí don chultúr digiteach sa gheilleagar eolasbhunaithe, ní bheidh an t-ábhar sa tairseach ach mar cheann amháin de na seirbhísí a thairgeann Europeana. Is iad staidéar píolótach Sonraí Nasctha agus úsáid an API (comhéadan ríomhchláraithe feidhmchláir) i bhforbairt na bhfeidhmchlár móibíleach ag úsáid ábhair ón tairseach na cinn eile. Mar a dúirt mé i mblianta roimhe, tá go leor le baint as dul i ngleic le Europeana: ardaíonn sé próifíl oidhreachta cultúrtha na hÉireann sa chomhthéacs de thimpeallacht chuardaigh ilteangach agus cabhraíonn sé a choimeád cothrom le díospóireachtaí reatha ar an athúsáid de shonraí cultúrtha digiteacha.

D'fhreastail Riarthóir CLÉ, an Dr Cathy Hayes, ar Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Líonra Europeana i Maidrid (Deireadh Fómhair 2014).

Tá CLÉ ag tnúth le leanúint ar aghaidh le tacú a thabhairt don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcur chun cinn feasachta agus rannpháirtíocht in Europeana in Éirinn.

### *'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ*


Lean CLÉ lena chlár in 2004 chun feabhas a chur ar a sheirbhís Eagráin Dhigiteacha. Feabhsóidh comhéadan nua cuardaigh agus léimh, bunaithe ar an gCartlann Idirlín (https://archive.org/index.php) 'léamh ar líne' eispéireas agus idirghníomhaíocht an úsáideora le hEagráin Dhigiteacha CLÉ. Táthar ag súil go n-éascóidh an comhéadan nua cuardach comhuaineach thar gach eagrán digitithe CLÉ, mar aon le cuardach laistigh d'eagrán. Cuireadh tús le hobair ar chomhéadan

IMC Digital Editions

nua a chur i bhfeidhm agus comhaid digitithe a athmhéidniú i lár 2014. Rinneadh comhad tástála a athfhormáidiú agus socraíodh aon fhadhbanna tosaigh a tháinig chun cinn le linn an phróisis sin. Tá obair ar siúl chun gach eagrán digiteach a ullmhú don chomhéadan nua agus táthar ag súil go seolfar an tseirbhís nua i 2015.

Measann CLÉ go bhfuil digitiú dá chúl-liosta ina chuid intreach dá shainchúram seirbhíse poiblí chun rochtain a fheabhsú ar na príomhfhoinsí lámhscríbhinne caomhnaithe i gcló aige agus chun feasacht orthu a ardú. Laistigh de na modhanna agus de na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht úinéirí ceart an ábhair go léir a úsáidtear ar an gcuid Eagráin Dhigiteacha ar a láithreán gréasáin a aimsiú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Iarrann CLÉ ar úinéirí ceart a mheasann nár aithníodh mar ba cheart iad ar láithreán gréasáin CLÉ, nó má mheasann siad nár tugadh an meas iomlán dá gcóipcheart, dul i dteagmháil le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar an nguthán ag + 353 1 676 1610 .

## *Bunachair shonraí inchuardaithe eile ar fáil ó CLÉ*





Tá bunachar sonraí ar líne a eascraíonn as *The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–192*, a d'fhoilsigh CLÉ i gcló in 2012, ar fáil le cuardach saor in aisce ar láithreán gréasáin CLÉ. Cuirfidh an bunachar sonraí seo ar chumas úsáideoirí na c. 40,000 taifead caiteachais den mhainistir Chorcaí tábhachtach seo ar feadh tréimhse 160 bliain ó thráth na Réabhlóide Mheiriceá go dtí an Chéad Chogadh Domhanda a chuardach. Tá CLÉ ag meas ar an gcur chuige seo - foilsiú comhuaineach ar líne agus cló — a chur i bhfeidhm ar phríomhfhoinsí eile atá bunaithe ar shonraí fairsinge táblacha.

## Foilseacháin


I rith 2014, foilsíodh trí eagrán nua de phríomhfhoinsí, mar aon le heagrán 45 de *Analecta Hibernica*. Ba oibreacha suntasacha il-imleabhar iad dhá cheann de na heagráin seo, ceann acu ina bhfuil cúig imleabhar agus ceann acu mar na chéad trí imleabhar de shaothar ina bhfuil dhá imleabhar déag. Is fiú a chuimhneamh, cé gur taifeadadh iad siúd i mo thuairisc mar dhá eagrán, gur ocht leabhar faoi cheangal iad ag leibhéal praiticiúil (acmhainní, cóipeagarthóireacht agus táirgeadh).

## *Analecta Hibernica, uimh. 45*





Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'eagarthóir reatha *Analecta Hibernica*, an tOllamh James Kelly, a thug foilsiú srathach an Choimisiúin le deich mbliana anuas ar sceideal foilsitheoireachta rialta, sa mhéid sin, beagnach gan aird againn air, go bhfuilimd ag súil le heagrán nua ar bhonn bliantúil. Tugtar aitheantas buíoch anseo don obair seo a rinne an tOllamh Kelly, i dteannta a chuid cheangaltas eile eagarthóireachta CLÉ. Áirítear san eagrán is déanaí tuarascáil don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta do 2013 agus na páipéir seo a leanas: Six tracts on 'coign and livery', *c.* 1568–78, curtha in eagar ag David Heffernan; Nicholas Walsh's oration to the Irish House of Commons, May 1586, curtha in eagar ag Mark A. Hutchinson; The diary of Sir James Ware, 1623–66, curtha in eagar ag Mark Empey; The Irish revenues of Oliver St John, Viscount Grandison for 1625–9, curtha in eagar ag Brian Mac Cuarta; agus Documents relating to the Irish College at Lille, 1634–*c.* 1647, curtha in eagar ag Jason McHugh. Áirítear freisin in Analecta Hibernica 45 scéalta báis iar-chomhaltaí CLÉ Patrick J. Corish agus James F. Lydon.

### *Proclamations of Ireland, 1660–1820 (5 imleabhar)*




In Aibreán 2014, d'fhógair an Coimisiún foilsiú de *Proclamations of Ireland, 1660–1820*, curtha in eagar ag James Kelly le Mary-Ann Lyons. Léirítear san eagrán seo, eagraithe i gcúig imleabhar, lántéacsanna na bhforógraí go léir a mhaireann (agus treoir ar ábhar orthu siúd nach maireann), arb iad thart faoi 2,500 forógra san iomlán mar aon le doiciméid ghaolmhara, a eisíodh in Éirinn idir 1660 agus 1820. Ba é an forógra ionstraim ríthábhachtach ag an rialtas agus an riarachán sa seachtú haois déag agus san ochtú haois déag, agus ba é sin an rud is coitianta a bhíodh i gcló oifigiúil. De ghnáth, ba é an tArd-Leifteanant (nó Tiarnaí Breithimh) agus Ríchomhairle a d'eisigh na forógraí, agus foilsíodh iad i bhformáid mhórbhileoige, agus sna blianta ina dhiaidh cuireadh i gcló iad sa *Dublin Gazette*. De thairbhe gur phléigh siad le gach gné den rialtas, bhí siad mar chomhlánú riachtanach d'achtanna na parlaiminte i rialachas agus riarachán na ríochta. Ar an meán, eisíodh idir deich agus tríocha forógra go bliantúil idir 1660 agus 1820, cé go raibh minicíocht na n-eisiúintí, agus na hábhair a bhíodh iontu, ag brath ar staid pholaitiúil na ríochta. Ba chóir comhghairdeas a dhéanamh leis na heagarthóirí mar gheall ar mhéid ollmhór ábhair a thabhairt le chéile agus saothar mór luachmhar tagartha a tháirgeadh. Tá na himleabhair ar fáil go haonair nó mar shraith agus iad socruithe mar seo a leanas: Imleabhar 1: Charles II, 1660-1685; Imleabhar 2: James II, 1685-1691; William III, 1689-1702, agus Mary II, 1689-1694; Anne, 1702-1714; Imleabhar 3: George I, 1714-1727 agus George II, 1727-1760; Imleabhar 4: George III, Cuid 1: 1760-1790; Imleabhar 5: George III, Cuid 2: 1791-1820.


### *1641 Depositions, imleabhair 1, 2 agus 3*




Foilsíodh na chéad trí imleabhar de shraith na 1641 Depositions in Iúil 2014 faoi eagarthóireacht ghinearálta Aidan Clarke agus eagarthóirí Thomas Bartlett, John Morrill, Jane Ohlmeyer, Micheál Ó Siochrú, agus eagarthóirí comhlachaithe Edda Frankot, Annleigh Margey agus Elaine Murphy. Is iad na 1641 Depositions fianaisí finneithe d'éirí amach 1641 na hÉireann agus déanann siad doiciméadú ar chaillteanas earraí, gníomhaíocht mhíleata, agus na coireanna líomhanta ag na ceannaircigh. Tá an corpas ábhair gan sárú in aon áit san Eoraip luath nua-aimseartha agus soláthraíonn sé foinse uathúil faisnéise ar na cúiseanna agus na himeachtaí a bhaineann le héirí amach 1641 agus ar stair shóisialta, eacnamaíochta, chultúrtha, chreidimh, agus pholaitiúla na hÉireann, Shasana agus na hAlban sa seachtú haois déag. Rinneadh dhá iarracht roimhe an príomhfhoinse seo a fhoilsiú agus tá aitheantas tuillte ag foireann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath de thairbhe gur chuir siad an foinse ar fáil ar líne, ach freisin gur chinntigh siad go bhfuil sé caomhnaithe i gcló do na glúinte atá le teacht. Clúdaíonn na fianaisí atá sna chéad trí imleabhar seo na contaetha Uladh (chomh maith le contae Lú) agus tá a ngnéithe féin ag gach ceann acu. Léiríonn Imleabhar 1, a chlúdaíonn Ard Mhacha, Muineachán agus Lú, na heispéiris éagsúla ag tús troda sa chontae plandála Ard Mhacha, a socraíodh go córasach, contae Mhuineacháin, a coilíníodh go neamhfhoirmiúil agus Lú, comhphobal na Sean-Ghall den chuid is mó. Tríd is tríd, soláthraíonn na finnéithe seo cuid de na tuarascála is mó aithne agus go leor de na tuarascála is lú aithne ar an éirí amach. Tá teistíochtaí do chontaetha an Chabháin agus Fhear Manach in Imleabhar 2, arbh iad na contaetha as a dtáinig dídeanaithe den chéad uair go Baile Átha Cliath tar éis tús troda. Tá dlúthaíocht an-soiléir ar a gcuid eispéireas sna cuntais ar na himeachtaí go léir, idir sa bhaile agus iad ag éalú. Ina theannta sin, tugann siad fianaise fhlúirseach neamhbheartaithe ar chomhdhéanamh agus modh maireachtála i sochaí na gcoilíneach roimh an éirí amach agus ar a gcaidreamh leis an bpobal dúchais. Tá teistíochtaí na gcoilíneach i gcontaetha Aontroma, Dhoire, Dhún na nGall, an Dúin agus Thír Eoghain le fáil in Imleabhar 3. Bhí sé níos éasca ag coilínigh sna contaetha seo éalú go hAlbain ná

go Baile Átha Cliath tar éis tús troda, ach soláthraíonn na céadta scrúdú a glacadh go luath sna 1650í fianaise ar an láthair an méid a tharla, go háirithe san oirthuaisceart. Tugann fianaise ó go leor finnéithe faisnéis ar streachailt áitiúil trí chéile, ina raibh Albanaigh ar an dá thaobh, agus athchruthaítear go mionsonrach an t-imeacht is conspóidí, na maruithe ar Oileán Mhic Aodha. Foilseofar an chuid eile den tsraith go srathach as 2015 amach.

### *Campaign Journals of the Elizabethan Irish Wars*




Chuaigh an t-eagrán deiridh 2014 i gcló ag deireadh na bliana. Bailiúchán de naoi ndialann déag feachtais atá i gceist ó 1557 go dtí 1599, curtha in eagar ag David Edwards, agus atáirgeann an t-eagrán seo sonraí oibríochtaí míleata na corónach Túdarach in Éirinn ó irisí agus dialanna éagsúla. Clúdaíonn na dialanna, coinnithe ag oifigigh cheannais sa mhachaire, cuid mhór d'Éirinn, ó Reachlainn go cúige Mumhan, agus go minic tá mionsonraí neamhghnácha iontu faoin saol comhaimseartha chomh maith leis an ábhar docht míleata, amhail breathnuithe na mbád Sasanach iascaireachta amach ó chósta Mhaigh Eo thuaidh, nótaí faoi leanaí marbh-bheirte neamhghnácha i gCill Mhantáin, nó staid traochta de roinnt ceannasaithe i gcríoch Dheasumhan. Ar scála ar bith, tá tábhacht ag baint leis na dialanna seo i stair gabhála Eilíse na hÉireann de thairbhe go ndéanann siad taifeadadh ar shlógaí ríoga isteach i gcúige Uladh láir agus thoir thuaidh i gcoinne Shane O'Neill agus clann Mhic Dhomhnaill Aontroma, lena cuireadh tús le réimeas Eilíse I; oibríochtaí Mumhan i gcoinne Shéamais Fitzmaurice agus an iarla Dheasumhain, oibríochtaí a bhí ar bun ag riaracháin leanúnacha le linn blianta lár réimeas na banríona; an choimhlint i gcúige Connacht leis an Clanricarde agus Búrcaigh Mhaigh Eo a tháinig ina dhiaidh; agus, ar deireadh, iliomad 'óstálacha' agus 'turas' a rinneadh chun dul i ngleic leis an suaitheadh mar gheall ar éirí amach Thír Eoghain agus pleananna ionraidh na Spáinne sna blianta deiridh de réimeas Eilíse.

### Pleanáil do 2015

Le linn 2014, lean an Coimisiún lena mhionullmhúchán chun *Correspondence of James Ussher, 1600–1656* trí imleabhar a fhoilsiú (lena n-áirítear clónna Eabhrais) a bhfuiltear ag súil leis le fad, curtha in eagar ag Elizabethanne Boran, rud a bheidh ina eagrán scolártha cinntitheach de chomhfhreagras Ussher.

### Seoltaí

Bhí dhá sheoladh leabhar i 2014, ceann in Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus ceann in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste.


Clé go deas: An tOnórach an Breitheamh Adrian Hardiman, an tOllamh Marian Lyons, an tOllamh James Kelly agus John Larkin, QC.

Ar an gCéadaoin, 21 Bealtaine, sheol an Breitheamh Adrian Hardiman an t-eagrán cúig imleabhar *Proclamations of Ireland, 1660-1820* i suíomh iontach an Rotunda ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar Shráid Chill Dara. Mhol an Breitheamh Hardiman na heagarthóirí, an tOllamh James Kelly agus an tOllamh Marian Lyons, as an obair shuntasach a rinne siad leis an eagrán seo a thabhairt le chéile. Dúirt sé freisin go mbeadh daoine buíoch dóibh go ceann tréimhse fhada, go háirithe i ndáil leis na forógraí sin a measadh a bheith caillte. I gcaint mheasta, chuir an Breitheamh Hardiman forógraí i gcomparáid le hachtanna nua-aimseartha parlaiminte; cé nach n-insítear an scéal iomlán iontu, soláthraíonn siad léargas ar shaincheisteanna comhaimseartha ar fud na réimeas clúdaithe sna cúig imleabhar. D'inis an tOllamh Kelly dóibh siúd a bhí i láthair go raibh rud san eagrán seo, ina bhfuil os cionn 2,500 forógra, do gach duine, lena n-áirítear ceannaircí agus an ceart airm a iompar, coraintín, fuadaigh agus dúnmharuithe. Thug sé ómós freisin d'obair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann as saothair ilimleabhar tábhachtacha a fhoilsiú. Agus a buíochas á gabháil leis an mBreitheamh Hardiman, ghabh an tOllamh Lyons buíochas leis an líonra mór de leabharlannaithe, cartlannaithe agus taighdeoirí a thug cabhrú chun an t-eagrán seo a thabhairt le chéile agus lena sheiceáil, go háirithe obair an Dr John Bergin. I measc na n-aíonna ag fáiltiú an tseolta bhí an tUasal

John Larkin, QC, Ard-Aighne Thuaisceart Éireann, iar-Phríomh-Bhreitheamh Ronan Keane, agus an Dr Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Ollscoil Mhaigh Nuad mar atá anois).

Seoladh na chéad trí imleabhar den eagrán *1641 Depositions* ina bhfuil dhá imleabhar déag, in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) i gCeathrú Titanic i mBéal Feirste, Dé Máirt, 9 Meán Fómhair. Rinne an Stiúrthóir PRONI, Maggie Smith, comhghairdeas leis na heagarthóirí mar gheall ar a gcuid oibre agus d'inis sí dóibh siúd a bhí i láthair faoin meas atá aici don CLÉ i ndáil leis na príomhfhoinsí seo a chur i gcló. Ag seoladh na n-imleabhar dó, luaigh an tOllamh Raymond Gillespie (Ollscoil Mhaigh Nuad) an próiseas a chuir na doiciméid thábhachtacha ar fáil ar líne, ach luaigh sé freisin gurb é foilsiú i gcló an críochphointe ríthábhachtach sa phróiseas seo d'ábhair na lámhscríbhinní seo a chaomhnú do na glúinte atá le teacht. Ag amharc siar dó ar a pháirtíocht phearsanta leis na teistíochtaí ó na 1970í, dúirt an tOllamh Emeritus Aidan Clarke (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) gur chreid sé go raibh fianaise sna teistíochtaí, agus iad foilsithe ina n-iomláine, mar a bhí siad anois, a fhreagraíonn cuid mhór de na ceisteanna a iarradh ar éirí amach 1641. Bhí sé oiriúnach go mbeadh suíomh an tseolta i bhfoirgneamh ina gcaomhnaítear fianaise dhoiciméadach (PRONI), agus gurb é CLÉ an foilsitheoir, agus an dualgas air, mar a bhí, príomhfhoinsí a chur ar fáil go forleathan. Thug an tOllamh Jane Ohlmeyer (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) cur síos ar conas a rinneadh staidéar ó shin ar an obair a foilsíodh ar líne in 2010 chun anailís teanga agus léirshamhluithe na faisnéise atá sna teistíochtaí a chur san áireamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil athuair le Stiúrthóir PRONI, Maggie Smith, agus a foireann as seoladh seimineáir an fhoinse ríthábhachtaí seo ón seachtú haois déag a óstáil. I measc an fhreastail mhóir bhí an tUasal John Larkin, QC, Ard-Aighne Thuaisceart Éireann, Sir Donnell Deeny, Leas-Seansailéir Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Leas-Uachtarán Chumann Staire Dlíthiúla na hÉireann, an tOllamh Colum Kenny ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus iar-Aire na nEalaíon, an Dr Martin Mansergh.








Barr: Raymond Gillespie ag lainseáil na chéad trí imleabhair de *1641 Depositions* in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Lár (clé go deas): Aidan Clarke, Tom Bartlett, Micheál Ó Siochrú, Annaleigh Margey agus Jane Ohlmeyer.

Bun (clé go deas): Comhalta CLÉ David Dickson, Máire Mac Conghail, Mary O'Dowd, Michael Kennedy, Chris Flynn (thiar), James McGuire (Cathaoirleach), James Kelly, Maggie Smith, Jane Ohlmeyer, Donal Moore (thiar), Dáibhí Ó Cróinín, Nicholas Canny.

## Airgeadas

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuair CLÉ in 2014 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (R/EOG). Gan an deontas i gcabhair ón Roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Cuireann an maoiniú bliantúil seo taca ríthábhachtach faoi chlár foilseacháin CLÉ don bhliain go díreach ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom ómós a chur in iúl anseo freisin do chomhaltaí Aonad na bhForas Cultúir ag R/EOG a rinne idirchaidreamh le CLÉ ar son na Roinne in 2014, go háirithe Chris Flynn, Kevin Lonergan, Sharon Barry, Colm Lundberg agus Orlaith Gleeson. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh le bheith ag obair leis an Roinn d'fhonn sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir príomhfhoinsí ar stair agus cultúr na hÉireann chomh maith le staid CLÉ mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachta cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí daonnachtaí a fhorbairt.

Ba mhian liom mo bhuíochas ar leith a ghabháil, mar gheall ar an obair agus an tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe in 2014, le riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes.

Mar fhocal scoir, ní mór dom athlua an méid a bhí scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair ar rannpháirtíocht fhíor-riachtanach a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Coinníodh traidisiún na seirbhíse do scoláireacht agus don stát araon ó bunaíodh an Coimisiún in 1928.

**James McGuire**
**Cathaoirleach**
**Feabhra 2015**

# Eolas maidir leis an gcuideachta

## Directors

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
David Dickson
David Edwards
Catherine Fahy (ceaptha Aibreán 2014)
Chris Flynn
Greta Jones
Michael Kennedy
James Kelly
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Frances McGee (ar scor Meitheamh 2014)
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Fiona Ross (ar scor Márta 2014)
Maggie Smith (ceaptha Feabhra 2014)

## Rúnaí

Cathy Hayes

## Uimhir Chláraithe na Cuideachta

414351

## Cláraithe Carthanais Uimhir

CHY 17206

## Oifig Cláraithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

## Iniúchóirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

## Baincéirí

Banc na hÉireann
39 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí i láthair a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

### Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus chuaigh sí i mbun gníomhaíochta ar an dáta céanna.

### Príomhghníomhaíochtaí

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) ná príomhfhoinsí lámhscríbhinne le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní dhéanfaí na foinsí sin a fhoilsiú murach sin toisc nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh tráchtála de réir aon sainmhínithe. Mar chomhlacht poiblí gníomhaíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas, áit a theastaíonn, i leith ábhar a bhaineann le príomhfhoinsí i gcoitinne agus déanann sé feasacht phoiblí agus institiúide ar an tábhacht a bhaineann leo a chur chun cinn.

### Athbhreithniú Gnó

I Meán Fómhair 2011 ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann le Plean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2012–2016. Sa phlean tugadh cuntas ar straitéisí nua chun fís CLÉ a chomhlíonadh; is í an fhís sin ná feasacht faoi ábhair phríomhfhoinse le haghaidh startha, chultúir agus oidhreacht na hÉireann chomh maith le rochtain ar na foinsí sin a chur chun cinn. D'athdhearbhaigh sé tosaíochtaí straitéiseacha CLÉ ar an mbunús seo a leanas: feasacht faoi phríomhfhoinsí agus rochtain orthu a fheabhsú; leanúint ar aghaidh ag gníomhú mar shainchomhairleoir ar shaincheisteanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus príomhfhoinsí go ginearálta; agus digitiú a dhéanamh ar a chúl-liosta chomh maith le tabhairt faoi chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

### Forbairt sa Todhchaí

Mar a tugadh cuntas air sa Phlean Forbartha Straitéisí is deireanaí, leanfaidh CLÉ ar aghaidh ag caitheamh a chuid acmhainní ar phríomhfhoinsí lámhscríbhinne a fhoilsiú. Freisin leanfaidh sé air ag déanamh caomhnú príomhfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe chun feasacht an phobail a mhúscailt faoin ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú trí hobair an Choiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR); beidh na taifid sin mar phríomhfhoinsí sa todhchaí le haghaidh staraithe atá ag plé leis an aonú haois is fiche. Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá chúl-liosta a chur ar fáil trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha oiriúnacha in Éirinn agus san Eoraip. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil saor in aisce le haghaidh úsáideoirí, in Éirinn agus níos faide anonn

### Torthaí

Ba é méid an bharrachais don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas ná €51,108 (2013 — €67,651). Molann na stiúrthóirí an barrachas sin a choimeád chun tionscadail a chistiú sna blianta amach romhainn.

### Taighde agus Forbairt

Níor fulaingíodh aon chostais taighde agus forbartha le linn na bliana.

### Staid Cúrsaí

Is é tuairim na stiúrthóirí ná go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tharla aon athrú ábhartha ó dháta an chláir chomhardaithe.

### Na Stiúrthóirí agus a gCuid Leasanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach ball den chuideachta gealltanas chun cur le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina b(h)all di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as bheith ina b(h)all di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh agus sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina b(h)all, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le foirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirteach eatarthu féin, mar cibé méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Sealbhóidh gach stiúrthóir an oifig ar feadh cúig bliana ar a mhó agus beidh sé/sí incháilithe le hathcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a sheirbheálann na stiúrthóirí go léir.

### Ranníocaíochtaí Polaitiúla

Níor tugadh aon ranníocaíochtaí polaitiúla don chuideachta le linn na bliana.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí

De réir dhlí na gcuideachtaí ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachtaí agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta le haghaidh na bliana sin. Agus iad siúd á n-ullmhú acu ceanglaítear ar na stiúrthóirí sin:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus chríonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach má tá sé mí-oiriúnach creidiúint go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta, aon tráth, seasamh airgeadais na cuideachta agus chun cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chaomhnú agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

### Na Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlacann na stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chearta chuntais ná polasaithe agus nósanna imeachta riachtanacha um thaifeadadh idirbheart a chur i bhfeidhm, comhaltaí pearsanra cuntasaíochta oiriúnacha a fhostú a bhfuil an saineolas oiriúnach acu agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

### Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a mbíonn tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní na Éireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus cónascadh beartaithe leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ anuas go dtí seo a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram, mar atá foilsiú, a chomhlíonadh ach le hionchas reatha an gheilleagair meabhraítear dúinn go mbíonn cistiú dóthanach i mbaol i gcónaí. I láthair na huaire níltear cinnte cén tionchar a bheidh ag cónascadh beartaithe CLÉ i struchtúr níos mó ar oibriú an Choimisiúin, cé go gcreidtear go gcoimeádfar ról CLÉ mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsiú phríomhfhoinsí lámhscríbhinne sna socruithe nua.

### Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh i mbun a gcuid dualgas de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

| **James Ivan McGuire** | **David Dickson** |
|---|---|
| Stiúrthóir | Stiúrthóir |
| 24 Feabhra 2015 | 24 Feabhra 2015 |

# Tuarascáil Neamhspleách na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

*chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta*

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014, atá déanta suas den Chuntas Ioncaim & Caiteachais, den Chlár Comhardaithe, den Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus de na nótaí agus na polasaithe cuntasaíochta bainteacha. Is é an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus a scaiptear ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta Leis in Éirinn).

### Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a mhínítear go hiomlán sa Ráiteas faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 16 tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt. Is í an fhreagracht atá orainn ná iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt i leith na ráiteas airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (An RA agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta le haghaidh Iniúchóirí.

Déantar an tuarascáil do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlacht de réir chuid 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go mbeimid in ann na hábhair a gceanglaítear orainn a shonrú do bhaill na cuideachta i dtuarascáil iniúchóra, a shonrú dóibh agus níl cuspóir ar bith eile i gceist léi. A mhéid is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht chuig aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh na tuarascála seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná dóthain fianaise a fháil faoi mhéideanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu gur calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad; ar réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinne na cuntasóirí; agus ar chur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagann aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha chun solais measaimid na himpleachtaí dár gcuid tuarascála.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ar dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin: agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

### Matters on which we are required to report by the Companies Acts 1963 to 2013

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim ná gur choimeád an chuideachta leabhair chearta chuntais.
- Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

### Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí heisceacht

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaobh fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más amhlaidh, dar linn, nach ndéantar na nochtuithe faoi luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear sa dlí.

| | |
|---|---|
| **84 Bóthar Northumberland** | **Liam McQuaid** |
| **Droichead na Dothra** | **Le haghaidh agus thar ceann** |
| **Baile Átha Cliath 4** | **Duignan Carthy O'Neil** |
| | **Cuntasóirí Cairte** |
| **Dáta: 25/02/2015** | **Iniúchóirí Cláraithe** |

# Cuntais Iniúchta

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

| | | Oibríochtaí leantacha | |
|---|---|---|---|
| | | **2014** | **2013** |
| | **Notes** | **€** | **€** |
| Ioncam – Díolacháin Leabhair | **2** | 30,083 | 18,596 |
| Ríchíosanna | | 1,502 | 2,435 |
| Costas díolacháin tionscadal | | (77,548) | (79,051) |
| **(Easnamh) oibriúcháin** | | (45,963) | (58,020) |
| | | | |
| Deontais an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | **3** | | |
| - Deontas Bliantúil | | 235,000 | 245,000 |
| - Historia Grant | | — | 25,000 |
| - Commentarius | | 6,521 | — |
| - Comhiomlánóir Náisiúnta | | 8,329 | 7,739 |
| Ioncam ilchineálach | | 1,235 | 676 |
| Deontas um Uachtanna Sainphribhléide | | 5,714 | — |
| Speansais riaracháin | | (67,882) | (62,514) |
| Speansais Eagarthóireachta & Foilseacháin | | (62,301) | (68,808) |
| Speansais oifige | | (29,705) | (32,466) |
| **Barrachas don bhliain** | **4** | 50,948 | 59,607 |
| | | | |
| Ús infhaighte agus ioncam cosúlach | | 70 | 428 |
| **Barrachas coimeádta don bhliain** | **12** | 51,018 | 60,035 |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas an barrachas don dá bhliain airgeadais thuas. D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Feabhra 2015 agus síníodh thar a cheann iad ag:

**James Ivan McGuire**
Stiúrthóir

**David Dickson**
Stiúrthóir

## CLÁR COMHARDAITHE

**Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014**

An Choimisiún Lamhscríbhinní na hEireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal Aici

| | Notes | | 2014 € | | 2013 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 13,399 | | 8,398 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Stoic | 8 | 6,593 | | 16,002 | |
| Féichiúnaithe | 9 | 10,211 | | 10,526 | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 560,767 | | 524,359 | |
| | | 577,571 | | 550,887 | |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | 10 | (13,792) | | (20,890) | |
| Ioncam iarchurtha | 11 | (29,984) | | (42,219) | |
| | | (43,776) | | (63,109) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 533,795 | | 487,778 |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | | 547,194 | | 496,176 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Ranníocaíocht Chaipitiúil | 12 | | 154,831 | | 154,831 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 12 | | 392,363 | | 341,345 |
| **Cistí** | 13 | | 547,194 | | 496,176 |

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Feabhra 2015 agus síníodh thar a cheann iad ag:

**James Ivan McGuire**
Stiúrthóir

**David Dickson**
Stiúrthóir

## RÁITEAS SREABHADH AIRGID

**Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas oibriúcháin | 50,948 | 59,607 |
| Dímheas | 1,074 | 1,049 |
| Laghdú ar stoic | 9,409 | 2,672 |
| Laghdú /(Méadú) ar fhéichiúnaithe | 315 | (3,184) |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | (7,098) | (10,689) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 54,648 | 49,455 |
| | | |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 54,648 | 49,455 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh a dhéanamh ar airgeadas | 70 | 428 |
| Caiteachas caipitiúil | (6,075) | (7,605) |
| Ioncam Iarchurtha | (12,235) | 6,000 |
| Méadú ar airgead le linn na bliana | 36,408 | 48,278 |
| | | |
| **Réiteach an ghlan-insreabhadh airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí** | | |
| Méadú ar airgead sa bhliain | 36,408 | 48,278 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2014 | 524,359 | 476,08 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2014** | 560,767 | 524,359 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

## 1. Polasaithe Cuntasaíochta

### *1.1. Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fírinneach cóir ná iad siúd arna bhfoilsiú ag Chartered Accountants Ireland agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

### *1.2. Ioncam*

Tá ioncam in ionannas le hiomlán an ioncaim a fuarthas ó dhíolacháin leabhair i ndáil leis an mbliain.

### *1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas*

Soláthraítear dímheas ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta, de réir méid chothroim:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí — 20%

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna carraeireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach carraeireachta in-aisghabhála.

### *1.4. Stoc*

Luacháiltear stoic leabhair ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur le linn na chéad dhá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a mbíonn díolacháin imleabhair leabhair is airde, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar mhall nó as feidhm.

### *1.5. Pinsin*

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an gcuideachta le linn na bliana.

Déantar an costas rialta as soláthar phinsin scoir agus sochair ghaolmhara a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse na bhfostaithe ar bhunús céatadáin shíoraí de thuillimh.

### *1.6. Cánachas*

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanais. (Uimhir chánach carthanais: 17206)

### *1.7. Deontais rialtais*

Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol úsáideach measta na sócmhainní. Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas bainteach.

## 2. Ioncam

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta le haghaidh na bliana óna príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúithi go léir in Éirinn.

## 3. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

| | 2014 | 2013 |
|---|---:|---:|
| | € | € |
| Deontas Bliantúil | 235,000 | 245,000 |
| Deontais aon uaire le haghaidh tionscadal speisialta | 8,329 | 32,739 |
| Commentarius | 6,521 | – |
| | 249,850 | 277,739 |

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais rialtais a fuarthas a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas le haghaidh an chuspóra ar íocadh as é.

## 4. Barrachas don bhliain

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sonraítear an barrachas don bhliain tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas sócmhainní inláimhsithe | 1,074 | 1,049 |
| Airgead Onóra an Chathaoirligh | – | – |
| Luach Saothair na n-Iniúchóirí | | |
| - Iniúchadh | 1,845 | 1,845 |
| - Obair Chuntasaíochta, Rúnaíochta, Chánachais agus Phárolla | 2,354 | 2,590 |

## 5. Fostaithe

**Líon na bhfostaithe**

| Ba é meanlíon na bhfostaithe le linn na bliana ná: | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| Líon na bhfostaithe | 2 | 2 |
| (Riarthóir agus Cathaoirleach san áireamh) | | |

Déantar anailís ar na costais foirne sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail (cúnamh riaracháin san áireamh) | 78,572 | 72,401 |
| Pinsean | 5,994 | 5,995 |
| Airgead Onóra an Chathaoirligh | – | – |
| Costais leasa shóisialaigh (cúnamh riaracháin san áireamh) | 7,853 | 7,153 |
| | 92,419 | 85,549 |

## 6. Costais phinsean

Ba é méid na gcostas pinsean ná €5,994 (2013 – €5,995).

## 7. Sócmhainní inláimhsithe

| | Daingneáin & feistis | Iomlán |
|---|---|---|
| **Costas** | € | € |
| Ar an 1 Eanáir 2014 | 38,843 | 38,843 |
| Suimiúcháin | 6,075 | 6,075 |
| Ar an 31Nollaig 2014 | 44,918 | 44,918 |
| **Dímheas** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2014 | 30,445 | 30,445 |
| Muirear don bhliain | 1,074 | 1,074 |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 31,519 | 31,519 |
| **Glanluachanna leabhair** | | |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 13,399 | 13,399 |
| Ar an 31 Nollaig 20133 | 8,398 | 8,398 |

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann troscán agus trealamh oifige eile ar luach measta de €48,710 mar bhronntanas di. Aithnítear na sócmhainní sin sna suimiúcháin thuas ar luach ainmniúil de €1.

## 8. Stoic

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Earraí críochnaithe – Leabhair | 6,593 | 16,002 |

Luacháladh stoic leabhair ar chostas nó ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

## 9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhraithe | 10,211 | 10,526 |

## 10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cánacha agus costais leasa shóisialaigh eile – ÍMAT/ÁSPC | 6,531 | 6,145 |
| Fabhruithe | 7,261 | 14,745 |
| | 13,792 | 20,890 |

## 11. Ioncam iarchurtha

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Deontais rialtais** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2014 | 42,219 | 36,219 |
| Méadú i gcaitheamh na bliana | – | 6,000 |
| | 42,219 | 42,219 |
| Scaoilte le linn na bliana | (12,235) | – |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 29,984 | 42,219 |

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas maidir le tionscadail um foilsiú leabhar. Ní raibh na tionscadail sin críochnaithe ag deireadh na bliana.

## 12. Cúlchistí Comhionannais

| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Ranníocaíocht Chaipitiúil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Ar an 1 Eanáir 2014 | 341,345 | 154,831 | 496,176 |
| Barrachas coimeádta don bhliain | 51,018 | – | 51,018 |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 392,363 | 154,831 | 547,194 |

### 13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas don bhliain | 51,018 | 60,035 |
| Cistí oscailte na scairshealbhóirí | 496,176 | 436,141 |
| | 547,194 | 496,176 |

### 14. Ranníocaíocht Chaipitiúil

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann airgead ar luach €130,731 agus stoc leabhar ar luach €24,100 dó mar bhronntanas. Tugadh troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas freisin agus áiríodh sna ráitis airgeadas iad ar luach ainmniúil de €1. Leis sin tugtar méid iomlán ranníocaíochta caipitiúla do €154,831.

### 15. Idirbhearta páirtí gaolmhara

Tugtar cúiteamh do stiúrthóirí as aon speansais a fhulaingítear agus iad i mbun a gcuid dualgas.

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na n-Oibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos iníoctha as an spás oifige a úsáid.

### 16. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a cuid Ball agus ag an mBord Stiúrthóirí.

### 17. Faomhadh na réiteach airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 15 Feabhra 2015 agus síníodh thar a cheann iad ag:

**James Ivan McGuire**
Stiúrthóir

**David Dickson**
Stiúrthóir

# AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTACHT FUINNIMH 2014

**Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2014**

Roinneann Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) cóiríocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir CLÉ:CAÉ ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh CLÉ le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilsiú agus cumhacht (arna soláthar ag Airtricity) agus seirbhísí uisce (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

I 2014, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann 24.7 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 1.9 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin na 9.7 MWh)
- 22.8 MWh de bhreosla iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin ná 114 MWh)
- Tagann 1.0 MWh den 1.9 MWh de leictreachas a úsáidtear ó fhoinsí in-athnuaite.[1]

Déantar muirir uisce a ríomh de réir chóimheas 20:80 freisin. Le linn 2014, úsáideadh 73 mhéadar ciúbacha d'uisce *san fhoirgneamh iomlán*.

**Feidhmíocht fuinnimh**

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann agus oibríonn an oifig ag uaséifeachtúlacht ó thaobh úsáid fuinnimh laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seoirseach athchóirithe a áitiú.

1 Nochtadh Mheascán Breosla Airtricity: Eanáir 2013 go Nollaig 2013; tá leictreachas arna sholáthar ag Airtricity ó bhreosla in-athnuaite comhionann le 50.4% d'fhoinsí breosla (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 13/1/15).